Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 26 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i ndáil le calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Cathal Guiomard
Coimisinéir **12 Meán Fómhair 2011**

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid *Thithe an Oireachtais*

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus
Caiteachais, an Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Ba iad an dlí is infheidhme agus an Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis i gCoitinne in Éirinn an creat cuntasaíochta a úsáideadh agus iad á n-ullmhú.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Choimisiúin agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá mé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Tá m'iniúchach déanta agam trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin.

Chuir mé m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta a rinneadh ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hIniúchadh ná an fhaisnéis agus na méideanna agus an nochtadh go léir atá sna ráitis airgeadais a fháil atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Áirítear air seo measúnú a dhéanamh ar

- cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Choimisiúin, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad

- a réasúnaí is a bhí meastacháin shuntasacha cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus

- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith le linn m'iniúchta fianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim

Is é mo thuairim gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn agus go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don bhliain dar críoch an dáta sin.

Is é an tuairim atá agam ná gur choinnigh an Coimisiún leabhair chuntais chuí. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Ábhair a dTugaim Tuairisc Orthu mar Eisceacht

Tugaim tuairisc mar eisceacht más rud é

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- gur thug mé aon chás ábhartha ar bith faoi ndearna le linn m'iniúchta inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas don cheann a bhí beartaithe dó, nó mura ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó
- nach léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais go gcloíonn an Coimisiún leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dhéantar a thuairisciú mar eisceachtaí.

Andrew Harkness
Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste

15 Meán Fómhair 2011

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá freagracht fhoriomlán ag an gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Dearadh an córas le dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú absalóideach, a thabhairt in éadan míráitis nó caillteanais ábhartha.

D'fhonn an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar dhóigh ina gcinntítear go ndéanfar gach gnó de réir reachtaíochta agus rialachán, tá struchtúr eagrúcháin curtha ar bun ag an gCoimisinéir ina bhfuil na nithe seo a leanas soiléir: nósanna imeachta maidir le feidhmiú agus tuairisciú, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, imscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá creat rialaithe i bhfeidhm ag an gCoimisiún, a chlúdaíonn gach réimse um rialú. Cuimsíonn an córas um rialú inmheánach an méid seo a leanas:

- Struchtúr eagrúcháin atá soiléir sainithe, le teorainneacha sainithe údaráis agus meicníochtaí tuairiscithe chuig leibhéil níos airde bainistíochta agus chuig an gCoimisinéir, a thugann tacaíocht le timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil;
- Córais chuimsitheacha buiséadaithe agus buiséad bliantúil faofa ag an gCoimisinéir;
- Córas cuimsitheach tuairiscithe a chlúdaíonn feidhmíocht airgeadais, a tharlaíonn ar bhonn tráthúil agus rialta agus a bhfuil mar aidhm aige a chinntiú go ndéanfar scrúdú ar athraithis bhuiséadacha agus go bpléifear leo go pras;
- Sraith chuimsitheach de pholasaithe agus de nósanna imeachta a bhaineann le rialú airgeadais;
- Clár Riosca a athbhreithníonn agus a nuashonraíonn an fhoireann bainistíochta. Tá an Coimisiún ag obair le hiniúchóirí inmheánacha le rioscaí iarmharacha a idirdhealú, a shainaithint agus a bhainistiú.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún a dhéantar a fhoinsiú allamuigh. Bíonn an t-iniúchadh inmheánach bunaithe ar anailís ar na rioscaí dá bhfuil an Coimisiún nochta, agus bunaítear na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh ar an anailís seo. Tá Coiste Iniúchta ag an gCoimisiún chomh maith a fheidhmíonn trí chairt scríofa atá faofa ag an gCoimisinéir agus ina bhfuil trí bhall seachtracha. Cuirtear gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh i láthair an Choiste Iniúchta. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach a thuairim in iúl don Choimisiún maidir le leorgacht agus éifeachtúlacht an chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain go dtí 31 Nollaig 2010, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Cathal Guiomard
Coimisinéir **12 Meán Fómhair 2011**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta

1. Bunús na gCuntas

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, ach amháin mar a shonraítear thíos agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta, de réir mar a éiríonn siad feidhmeach. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais.

2. Aitheantas Ioncaim

Tugtar ioncam ó Thobhach Eitlíochta chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé. Agus an tobhach á shocrú don bhliain, déantar coigeartú chun an barrachas/an t-easnamh ón mbliain roimhe sin a fhritháireamh .i. socraíodh tobhach 2010 i mí na Nollag 2009 agus cuirtear an coigeartú maidir le 2008 san áireamh ann.

Tugtar ioncam ó tháillí ceadúnas ó oibríochtaí trádála taistil chun cuntais sa bhliain ina n-eisítear an ceadúnas.

3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní seasta ag an gcostas lúide dímheas carntha. Is é tairseach chaipitlithe an Choimisiúin ná €1,500. Déantar dímheas a ríomh d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta mar seo a leanas:

Troscán agus Feistis	5	Bliana
Trealamh Oifige	10	mBliana
Trealamh Ríomhaireachta	5	Bliana

4. Bannaí na Trádála Taistil agus an Ciste Cosanta Taistealaithe

Rinneadh an fhreagracht as ceadúnú gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a riar de réir an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, mar a leasaíodh, a aistriú ón Roinn Fiontar Poiblí chuig an gCoimisiún ar an lá a bunaíodh é, 27 Feabhra 2001.

Faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 13 den Acht sin, coinnítear airgead a lóisteálann gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas mar bhannaí i gcuntais bhainc ar leith faoi rialú an Choimisiúin. Déanann an Coimisiún íocaíochtaí de bhun éileamh a dhéantar ar na bannaí de réir mar a thagann siad chun cinn. Tugtar i gcuntas na hiarmhéideanna nár caitheadh ar chuntais bhanna amhail an 31 Nollaig 2010 mar chreidiúnaithe.
Bunaíodh an Ciste Cosanta Taistealaithe faoi Alt 15 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, le soláthar a dhéanamh d'aon ghannchion ar na bannaí taistil maidir le caillteanais nó dliteanais arna dtabhú ag custaiméirí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas. Coinnítear cuid d'airgead an Chiste i gcuntas infheistíochta arna bhainistiú agus arna rialú ag an Aire Airgeadais agus cuid eile de i

gcuntas reatha arna bhainistiú agus arna rialú ag an gCoimisiún. Caitear leis an iarmhéid sa dara cuntas acu seo mar chreidiúnaí sna ráitis airgeadais seo.

Is é an Coimisiún a riarann na cuntais bhanna agus an Ciste agus faigheann an Coimisiún a gcostais ar ais ó na bannaí nó ón gCiste faoi théarmaí an Achta. Ullmhaítear cuntais airgeadais ar leith do na cuntais bhanna agus don Chiste Cosanta Taistealaithe (CCT) agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar leith orthu.

5. Aoisliúntas

Oibríonn an Coimisiún scéimeanna pinsean ranníocacha maoinithe ina bhfuil na sochair sainithe faoi Ailt 20 agus 21 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Oibrítear na scéimeanna ar bhonn riaracháin ar feitheamh fhaomhadh an Aire. Ghlac an Coimisiún le soláthar iomlán de shochair scoir FRS 17 i 2008.

Is é atá sa mhuirear pinsean sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais ná costas reatha na seirbhíse, an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus costas úis dhliteanais na scéime.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Déantar sócmhainní na scéime pinsean a thomhas ar luach cothrom. Déantar dliteanais na scéime pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid réamh-mheasta. Má tá dliteanais na scéime níos mó ná sócmhainní na scéime, cuirfear sin i láthair ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

Tá ceithre bhall foirne ar iasacht leis an gCoimisiún agus níl siad, dá bhrí sin, ina mbaill de chuid Scéim Pinsean an Choimisiúin. Tá a dteidlíochtaí pinsin de réir na scéimeanna pinsean atá curtha i bhfeidhm ag a bhfostóirí faoi seach.

6. An Cuntas Caipitil

Is é atá sa Chuntas Caipitil ná luach an ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

7. Leithdháileadh na gCostas

Cláraítear ioncaim agus caiteachais a bhaineann go díreach le gach gnóthas ar chuntais an ghnóthais sin. Leithdháiltear costais chomhroinnte foirne agus forchostais roinnte ar gach gnóthas de réir an ama a chaith an fhoireann ar gach gnóthas acu. Tá córas an Choimisiúin chun costais a fháil ar ais leagtha amach ina Pháipéar um Chinneadh ar Thobhaigh ó 2007 (CP9/2007).

8. Airgeadraí Coigríche

Déantar idirbhearta a dhéantar in airgeadraí coigríche agus a bhaineann le hioncaim agus le costais a aistriú go Euro ar na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar na dátaí ar a ndearnadh na hidirbhearta.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010	2009
Ioncam		**€**	**€**
Ioncam Tobhaigh	2 (a)	2,688,105	4,230,849
Táillí Ceadúnas	2 (b)	199,828	245,090
Eile	2 (c)	144,181	233,808
Ollioncam		3,032,114	4,709,747
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil	10	6,706	11,923
Glanioncam		3,038,820	4,721,670
Caiteachas			
Tuarastail	4	1,652,445	1,764,669
Costais Phinsean	11 (a)	123,514	128,719
Comhairleacht		123,209	484,809
Táillí Dlíthiúla		(112,410)	148,287
Fógraíocht agus Caidreamh Poiblí		81,629	120,871
Taisteal agus Liúntas Cothaithe		8,210	7,013
Comhdhálacha		16,011	12,981
Oiliúint agus Earcaíocht		37,515	29,181
Táille Iniúchta		12,408	12,408
Cuntasaíocht		30,016	23,915
Cothabháil ar an láithreán Gréasáin		16,977	26,387
Cíos		283,363	284,850
Glantóireacht		13,966	15,229
Leictreachas		9,930	10,852
Cothabháil Oifige		2,797	5,443
Árachas		52,713	54,930
Páipéarachas Oifige		11,929	17,606
Postas agus Iompar		3,883	5,765
Teileafón		21,881	25,470
Éascú Sceideal Aerfort Bhaile Átha Cliath		298,573	299,189
Dímheas		16,574	20,434
Muirear Seirbhíse		42,539	41,620
Rátaí		33,002	33,677
Costais Stórála		8,455	9,302
Eile		39,482	22,113
		2,828,611	3,605,721
Barrachas / (Easnamh) Oibriúcháin	15	210,209	1,115,949
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		1,752,177	636,228
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		1,962,386	1,752,177

Is cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 18.

Cathal Guiomard
Coimisinéir **12 Meán Fómhair 2011**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Barrachas Oibriúcháin		210,209	1,115,949
Toradh iarbhír lúide an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime pinsean	11 (c)	36,394	161,944
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí a thagann ó dhliteanais na scéime pinsean	11 (d)	129,106	114,755
Athruithe ar bhoinn tuisceana maidir le luach reatha dhliteanais na scéime pinsean		(210,284)	(45,862)
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach		(44,784)	230,837
Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána a bhaineann leis an mBliain Airgeadais		165,425	1,346,786

Is í suim an chaillteanais charnaigh a aithníodh ó ghnóthachain agus chaillteanais achtúireacha ag eascairt sna ceithre bliana seo caite ná €93,051.

Gluaiseacht sa Chúlchiste Pinsean	2010	2009
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	(58,807)	(289,644)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	(44,784)	230,837
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	(103,591)	(58,807)

Is cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 18.

Cathal Guiomard
Coimisinéir **12 Meán Fómhair 2011**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2010

			2010		**2009**
	Nótaí	**€**	**€**	**€**	**€**
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní Inláimhsithe	5		50,423		57,129
Sócmhainní Reatha					
Cuntais Bhainc	6	14,245,493		25,822,851	
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	7	1,334,473		1,370,529	
		15,579,966		27,193,380	
Creidiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	8	(239,391)		(562,039)	
Cuntais Bhannaí Airgid	6	(12,772,676)		(23,951,521)	
		(13,012,067)		(24,513,560)	
Glansócmhainní / (Glandliteanais) Reatha			2,567,899		2,679,820
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha			2,618,322		2,736,949
Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir	9		(592,930)		(935,430)
Glansócmhainní Gan Dliteanais Phinsean san Áireamh			2,025,392		1,801,519
Glansócmhainn/(Glandliteanas) Pinsean	11 (b)		(116,174)		(51,020)
Glansócmhainní / (Glandliteanais) lena n-áirítear Sócmhainn/(Dliteanas) Pinsean			1,909,218		1,750,499
Arna Maoiniú Ag					
Barrachas/(Easnamh) sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais			1,962,386		1,752,177
Cuntas Caipitil	10		50,423		57,129
Cúlchiste Pinsean			(103,591)		(58,807)
			1,909,218		1,750,499

Is cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 18.

Cathal Guiomard
Coimisinéir **12 Meán Fómhair 2011**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Réiteach an bharrachais oibriúcháin le glan-insreabhadh/ (glan-eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus ar Chaiteachas		210,209	1,115,949
Difríocht idir Costas Pinsean agus Ranníocaíocht an Fhostóra		20,370	20,159
Dímheas	5	16,574	20,434
Ús Bainc		(16,949)	(9,576)
Aistriú (ó)/go Cuntas Caipitil		(6,706)	(11,923)
Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe	7	23,956	(186,703)
Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí	7	12,100	(17,315)
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe	8	(302,645)	(9,455)
(Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe	8	(20,003)	(276,688)
(Laghdú)/Méadú ar Sholáthairtí	9	(342,500)	355,039
Glan-insreabhadh / (Glan-eis-sreabhadh) Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(405,594)	999,921
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid			
Glan-insreabhadh / (Glan-eis-sreabhadh) Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(405,594)	999,921
Torthaí Infheistíochtaí			
Ús Bainc		16,949	9,576
Caiteachas Caipitil			
Ceannach sócmhainní seasta	5	(9,868)	(8,511)
Maoiniú			
Méadú / (Laghdú) ar Chuntais Bhannaí Airgid agus CCT	6	(11,178,845)	(3,560,005)
Bainistiú Acmhainní Leachtacha			
(Méadú) / Laghdú ar Airgead i dTaisce	6	481,056	(1,009,808)
Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Airgid		(11,096,302)	(3,568,826)
Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseachtaí i nglanchistí			
Méadú/(Laghdú) ar airgead ar láimh sa tréimhse		(11,096,302)	(3,568,826)
Airgead tirim a úsáideadh le hacmhainní leachtacha a (laghdú)/mhéadú	6	(481,056)	1,009,808
Athrú ar na Glanchistí		(11,577,358)	(2,559,018)
Glanchistí Tosaigh		25,822,851	28,381,869
Glanchistí Deiridh		14,245,493	25,822,851

Is cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 18.

Cathal Guiomard
Coimisinéir **12 Meán Fómhair 2011**

1. Bunú an Choimisiúin

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ar an 27 Feabhra 2001 faoi fhorálacha an Achta um Rialú Eitlíochta, 2001 (Uimh. 1 de 2001).

Faoin Acht, arna leasú ag Acht Aerfoirt an Stáit, 2004 agus ag an Acht um Eitlíocht, 2006, tá an Coimisiún freagrach as muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus as muirir sheirbhísí na gcríochfort eitlíochta a rialú, as gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a cheadúnú in Éirinn, as aeriompróirí Éireannacha a cheadúnú, as láimhseálaithe ar an talamh in Éirinn a fhaomhadh agus as nósanna imeachta cionroinnte sealanna AE a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú (faoi Rialachán AE 261/2004) go gcomhlíontar íoschearta na bpaisinéirí aeir i gcás moille, cealaithe agus diúltú dul ar bord.

Maoinítear an Coimisiún as fáltais as Tobhach bliantúil a ghearrtar ar údaráis aerfoirt, ar sholáthróirí seirbhísí críochfort eitlíochta in aerfoirt an Stáit, ar chomhlachtaí atá faofa le seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar, ar aeriompróirí a bhfuil ceadúnas oibriúcháin acu, ar aerlínte atá cláraithe in Éirinn agus chomh maith leis sin as táillí ceadúnas ó thionscnóirí turas agus ó ghníomhairí taistil.

2. Ioncam

Faigheann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ioncam ó dhá phríomhfhoinse, ioncam ó thobhaigh agus ioncam ó tháillí ceadúnas don trádáil taistil.

(a) Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tugtar cumhacht don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta le rialacháin a dhéanamh a fhorálann do thobhaigh a ghearradh. Is é is aidhm leis na Tobhaigh ná costais agus caiteachais an Choimisiúin a chlúdach.

Tá Tobhaigh comhdhéanta de shraith de thobhaigh bhunráta maidir le gníomhaíochtaí ar leith mar aon le tobhaigh maidir le cosaint tomhaltóirí agus costais lárnacha a ghearrtar in aghaidh an phaisinéara. Caitear leis an tobhach maidir le costais lárnacha mar dhíorthú ó fheidhmeanna indibhidiúla an Choimisiúin, atá mínithe thíos, agus gearrtar é i gcomhréir le líon na bpaisinéirí ag gach aerfort Éireannach.

Léiríonn an anailís seo a leanas ioncam an Choimisiúin ó thobhaigh. Is ionann an coigeartú i leith 2008 agus aisghabháil charnach na gcostas bunaithe ar ró-aisghabháil/easpa aisghabhála i leith fheidhmeanna éagsúla an Choimisiúin suas go dtí 31 Nollaig 2008.

	Rialú Muirir Aerfoirt	MSCE	Éascú Sceideal	Aeriompróirí	Láimhseáil ar an talamh	Trádáil Taistil	Cosaint Tomhaltóirí	Iomlán 2010	Iomlán 2009
	€	€	€	€	€	€		€	€
Caiteachas Buiséadaithe 2010	1,755,120	53,460	354,829	186,085	171,602	835,684	540,541	3,897,321	4,084,544
Coigeartú i ndáil le 2008	(570,450)	(108,288)	(57,519)	(214,405)	(134,570)	134,704	(258,688)	(1,209,216)	146,305
Ioncam Iomlán ó Thobhaigh	1,184,670	(54,828)	297,310	(28,320)	37,032	970,388	281,853	2,688,105	4,230,849

(b) Faoi Alt 12 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 tugtar cumhacht don Choimisiún le ceadúnais a eisiúint agus le táillí a ghearradh ar an Tionscal Trádála Taistil. Is é seo a leanas an t-ioncam a bhí ag an gCoimisiún i 2010:

	Táillí Ceadúnas ó Ghníomhairí Taistil	Táillí Ceadúnas ó Thionscnóirí Turas	Táillí Déanacha a fuarthas ó Ghníomhairí agus ó Thionscnóirí	Leasú ar Tháillí Ceadúnas	Iomlán 2010	Iomlán 2009
	€	€	€	€	€	€
Táillí Ceadúnas	79,928	111,879	7,871	150	199,828	245,090

(c) Cuimsíonn Ioncam Eile de €144,181 ús de €18,944 a fuarthas ar airgead i dtaisce agus costais foirne a aisíocadh as cuntais bhanna nó as Chuntas an Chiste Cosanta Taistealaithe. Bhain na costais foirne le comhaltaí foirne a bheith ag plé le loiceadh aonán Trádála Taistil le linn na bliana agus ba é €125,237 an méid a bhí i gceist.

3. Caiteachas

	Muirir Aerfoirt	MSCE	Éascú Sceideal	Aeriompróirí	Láimhseáil ar an talamh	Trádáil Taistil	Cosaint Tomhaltóirí	Iomlán 2010	Iomlán 2009
	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Tuarastail	634,596	81,189	14,305	147,605	36,144	539,523	199,083	1,652,445	1,764,669
Costais Phinsean	56,615	7,368	1,163	12,009	3,314	24,397	18,648	123,514	128,719
Comhairleacht	4,856	609	106	15,454	370	49,595	52,219	123,209	484,809
Táillí Dlíthiúla	(28,665)	-	-	17	-	(83,762)	-	(112,410)	148,287
Cíos	131,274	2,298	1,888	9,562	3,728	103,945	30,668	283,363	284,850
Éascú Sceideal	-	-	298,573	-	-	-	-	298,573	299,189
Eile	143,605	11,211	5,302	35,251	8,435	179,014	77,100	459,918	495,198
Iomlán	942,281	102,675	321,337	219,898	51,991	812,712	377,718	2,828,611	3,605,721

Sa chás go mbaineann na costais le réimse ar leith, déanann an Coimisiún na costais sin a chionroinnt go díreach chuig gach réimse. Sa chás go bhfuil feidhm níos ginearálta leis na costais, déanann an Coimisiún iad a chionroinnt i gcomhréir leis an méid ama a chaith an fhoireann ag obair ar an réimse sin.
Eascraíonn na táillí diúltacha dlíthiúla as mheascán de fhreaschur na bhforálacha nach bhfuil siad ag teastáil a thuilleadh agus d'fhéichiúnaí a chur san áireamh le táillí dlíthiúla a íocadh cheana a aisghabháil. Cuimsíonn caiteachas na bliana 2010 íocaíocht ex-gratia de €80,000.

4. Líon agus costais na foirne

	Muirir Aerfoirt	MSCE	Éascú Sceideal	Aeriompróirí	Láimhseáil ar an talamh	Trádáil Taistil	Cosaint Tomhaltóirí	Iomlán 2010	Iomlán 2009
	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Tuarastail	568,061	72,685	12,212	130,158	31,641	461,645	166,595	1,442,997	1,566,301
ÁSPC – maidir le comhaltaí foirne arna n-íoc ag an CRE	44,816	6,076	943	9,851	2,804	18,685	15,098	98,273	113,587
ÁSPC agus Pinsin le fáil ag an Roinn	21,410	2,390	1,143	7,223	1,403	58,831	8,990	101,390	71,939
Costas maidir le Baill Foirne Gníomhaireachta a Choinneáil	309	38	7	373	296	362	8,400	9,785	12,842
Iomlán	634,596	81,189	14,305	147,605	36,144	539,523	199,083	1,652,445	1,764,669

Ba é seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí á bhfostú ag an gCoimisiún le linn na bliana (lena n-áirítear seisear ar iasacht ón Roinn Iompair agus ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre). Tá anailís déanta orthu de réir catagóire:

	2010	2009
Coimisinéir	1	1
Riarachán	4	3
Eacnamaíoch	3	4
Dlíthiúil agus Ceadúnú	7	6
An Trádáil Taistil	3	6
Meánlíon Iomlán na bhFostaithe Coibhéiseacha Lánaimseartha	18	20

Déantar miondealú ar phacáiste luach saothair an Choimisinéara anseo a leanas:

2010 2009		
Buntuarastal Bliantúil	181,286	193,696
Costais Phinsean	14,548	12,851
Pacáiste Iomlán Luach Saothair	195,834	206,547

Asbhaint Maidir le Pinsean:
I rith 2010, baineadh asbhaintí €83,735 ó bhaill foirne a bhain le pinsean agus íocadh leis an Roinn Iompair iad.

Rinneadh foráil sna ráitis airgeadais seo d'íocaíochtaí iomlána €16,000 a íocadh le hochtar ball foirne ar shon a gcuid oibre go léir i 2010, sin €2,000 an duine.

5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Oifige	**Troscán agus Feistis**	**Trealamh Ríomhaireachta**	**Iomlán**
	€	€	€	€
Costas ag tús na bliana	22,663	68,177	115,939	206,779
Breisiúcháin i rith na bliana	-	-	9,868	9,868
Diúscairtí i rith na bliana	-	-	-	-
Ag deireadh na bliana	22,663	68,177	125,807	216,647
Dímheas carntha				
ag tús na bliana	11,425	41,440	96,785	149,650
Muirear don bhliain	2,266	7,744	6,564	16,574
Diúscairtí i rith na bliana	-	-	-	-
Ag deireadh na bliana	13,691	49,184	103,349	166,224
Glanluach Leabhair amhail an 31 Nollaig 2010	**8,972**	**18,993**	**22,458**	**50,423**
Glanluach Leabhair amhail an 31 Nollaig 2009	11,238	26,737	19,154	57,129

6. Banc

	2010 €	**2009 €**
Cuntais Bhainc – Cuntais Bhanna na Trádála Taistil	12,311,876	21,322,301
Cuntas Bainc – An Ciste Cosanta Taistealaithe	460,800	2,629,220
	12,772,676	23,951,521
Cuntas Bainc – Cuntas Reatha CRE	218,001	134,905
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce CRE	1,254,245	1,735,301
Mionairgead	571	1,124
	14,245,493	25,822,851

Is suimeanna airgid iad Cuntais Bhanna na Trádála Taistil a chuirtear i dtaisce in ainm an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus is féidir úsáid a bhaint astu i gcás loicthe ag Tionscnóir Turas nó ag Gníomhaire Taistil. Ní féidir leis an gCoimisiún an t-airgead seo a úsáid chun críche rud ar bith eile. Tugtar an t-airgead seo ar ais don Soláthróir Bannaí mura mbíonn sé de dhíth. Dá bhrí sin, léirítear an dliteanas comhfhreagrach mar Chreidiúnaí: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin.

		2010	2009
7.	**Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí dlite laistigh de bhliain amháin**	**€**	**€**
	Féichiúnaithe Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh	783,639	881,000
	Féichiúnaithe	331,023	257,618
	Réamhíocaíochtaí	219,811	231,911
		1,334,473	1,370,529

		2010	2009
8.	**Creidiúnaithe agus Fabhruithe dlite laistigh de bhliain amháin**	**€**	**€**
	Fabhruithe - Athbhreithniú Breithiúnach	-	-
	- Eile	114,983	134,986
	Creidiúnaithe – Táillí Comhairleachta	11,312	186,652
	- Coimisinéirí Ioncaim ÍMAT/ÁSPC	29,840	33,211
	- Coimisinéirí Ioncaim CBL	12,941	13,250
	- Coimisinéirí Ioncaim PSWT	18,677	22,626
	- Eile	51,638	171,314
		239,391	562,039

		2010	2009
9.	**Soláthairtí le haghaidh Dliteanas agus Muirear**	**€**	**€**
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	935,430	580,391
	Soláthairtí a úsáideadh le linn na bliana	(271,465)	(14,961)
	Soláthar breise a rinneadh le linn na bliana	-	370,000
	Soláthairtí nach bhfuil de dhíth níos mó	(71,035)	-
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	592,930	935,430

Bunaithe ar bhreithiúnais Chúirte go dtí seo, tá sócmhainní aisíocaíochta aitheanta de €783,639 ag an gCoimisiún maidir leis na costais dlí is ábhar do na soláthairtí seo. Tá an tsócmhainn san áireamh sna féichiúnaithe

1. Cionroinnt Sealanna (Cás a glacadh i 2005)
In imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a glacadh sa bhliain 2005 in aghaidh chinneadh an Choimisiúin Aerfort Bhaile Átha Cliath a ainmniú mar aerfort comhordaithe, rinne an Chúirt a chuid costas a bhronnadh ar Ryanair. Fuair an Coimisiún cead ina dhiaidh sin achomharc a dhéanamh sa Chúirt Uachtarach in éadan an Bhreithiúnais. Bhí díospóireachtaí ar siúl le Ryanair ach níor thángthas ar aon shocrú agus tá an Coimisiún ag fanacht fós ar Bhille Costas ó ionadaithe dlíthiúla Ryanair. Ina dhiaidh sin, is dócha go reáchtálfar Éisteacht Cánachais maidir leis an ábhar. Tá meastachán den tionchar airgeadais a bheidh ag an gcás seo i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin.

2. Cionroinnt Sealanna (Cás a glacadh i 2007)
I mí Feabhra 2008, shocraigh Ryanair ar éirí as na himeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a ghlac sé i mí Feabhra 2007 in éadan chinntí an Choimisiúin maidir le comhordú Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ar scriosadh amach an cháis di, rinne an Chúirt a chuid costas a bhronnadh ar an gCoimisiún. Bhí díospóireachtaí ar siúl le Ryanair ach níor thángthas ar aon shocrú agus tá Bille Costas foirmiúil á thabhairt chun críche faoi láthair ag an gCoimisiún chun dul go dtí Cánachas a luaithe agus is féidir. Tá meastachán den tionchar a bheidh ag an gcás seo ar chúrsaí airgeadais léirithe i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin mar fhéichiúnaí in-aisghabhála.

3. Muirir Aerfoirt (Cás a glacadh i 2007)
In imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a éisteadh i mí Feabhra 2008 in éadan an Choimisiúin maidir lena chinneadh a d'éirigh as Athbhreithniú ar Mhuirir Aerfoirt i mí Iúil 2007, dhíbh an Chúirt cás Ryanair agus rinneadh ordú go bhfaighidh an Coimisiún leath dá chuid costas ar ais. Bhí díospóireachtaí ar siúl le Ryanair ach níor thángthas ar aon shocrú. Tá Bille costas á thabhairt chun críche faoi láthair ag an gCoimisiún chun an cás a chur chuig Cánachais a luaithe agus is féidir. Tá meastachán den tionchar a bheidh ag an gcás seo ar chúrsaí airgeadais léirithe i Ráitis Airgeadais an Choimisiúin mar fhéichiúnaí in-aisghabhála.

4. Muirir Aerfoirt (Cás a glacadh i 2010)
Rinne Ryanair agóid in éadan chinneadh an Choimisiúin maidir le Muirir Aerfoirt a foilsíodh ar an 4 Nollaig 2009 i mí Feabhra 2010. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo i ndeireadh mhí Feabhra 2010 agus chríochnaigh sé i mí an Mheithimh 2010 trí iarratas Ryanair le haghaidh ceada chomh maith lena iarratas ar achomharc a dhíbhe. Fuair an Coimisiún Ordú Cúirte a thugann cead dó a chostais in éadan Ryanair a fháil ar ais. Chuir an Coimisiún a Bhille Costas faoi bhráid ionadaithe Ryanair agus thángthas ar chomhaontú. Fuair an Coimisiún €243,639.85 mar aisghabháil costais i mí na Bealtaine 2011.

		2010	2010	2009	2009
10.	**Cuntas Caipitil**	**€**	**€**	**€**	**€**
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		57,129		69,052
	Aistriú (go)/ó Chuntais Ioncaim agus Caiteachais				
	Airgead leithdháilte le sócmhainní seasta a fháil	9,868		8,511	
	Méid amúchta de réir dímheas sócmhainní	(16,574)		(20,434)	
	Glanmhéid le haistriú		(6,706)		(11,923)
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		50,423		57,129

		2010	2009
11.	**Pinsean**		
	a) Costais Phinsean	**€**	**€**
	Costas reatha na seirbhíse	178,323	170,743
	Costas úis	56,211	45,648
	Toradh ionchasach ar shócmhainní na scéime	(66,269)	(39,785)
	Lúide: ranníocaíochtaí fostaithe	(59,525)	(57,722)
		108,740	118,884
	Táillí riaracháin agus achtúireacha	14,774	9,835
	Iomlán	123,514	128,719
	bi) Glandliteanas Pinsean		
	Luach reatha na n-oibleagáidí maoinithe	1,278,334	962,622
	Luach cothrom ar shócmhainní na scéime	1,162,160	911,602
	Glandliteanas (glansócmhainn)	116,174	51,020
	bii) Luach reatha oibleagáidí na scéime ag tús na bliana	962,622	815,148
	Costas reatha na seirbhíse	178,323	170,743
	Costas úis	56,211	45,648
	(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach	81,178	(68,917)
	Sochair a íocadh	-	-
	Préimheanna a íocadh	-	-
	Luach reatha oibleagáidí na scéime ag deireadh na bliana	1,278,334	962,622
	biii) Athrú ar shócmhainní na scéime		
	Luach cothrom shócmhainní na scéime ag tús na bliana	911,602	553,450

Toradh ionchasach ar shócmhainní na scéime	66,269	39,785
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	36,394	161,944
Ranníocaíochtaí an fhostóra	88,370	98,701
Ranníocaíochtaí na mball	59,525	57,722
Aistrithe isteach le haghaidh seirbhíse roimhe sin	-	-
Sochair a íocadh ón scéim	-	-
Préimheanna a íocadh	-	-
Luach cothrom shócmhainní na scéime ag deireadh na bliana	1,162,160	911,602

Cuirtear an cleachtas reatha um pinsin a mhéadú de réir bhoilsciú praghsanna san áireamh agus an oibleagáid shainithe maidir le sochair á tomhas.

c) Cur síos ar an scéim agus ar bhoinn tuisceana achtúireacha

Is é atá sa scéim pinsean ná socrú pinsin ina bhfuil an sochar sainithe agus é bunaithe ar an tuarastal deiridh agus déantar na sochair a shainiú de réir na rialachán reatha a bhaineann le scéimeanna "eiseamláireacha" san earnáil phoiblí. Socraítear rátaí ranníocaíochtaí an fhostóra ag féachaint do chomhairle achtúireach agus d'athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe a bhíonn de dhíth don scéim. Is é a sholáthraítear tríd an scéim ná pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do pháistí. De ghnáth is í an aois scoir ná an lá a shlánaíonn an ball 65 bliain. De ghnáth méadaíonn pinsin de réir bhoilsciú praghsanna, pinsin atá á n-íoc agus iad siúd atá curtha siar araon.

Ba iad na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun críche FRS17 ná:

	2010	**2009**
Ráta lascaine	5.0%	5.5%
Méaduithe ar thuarastail	3.5%	3.5%
Méaduithe ar phinsin	2.0%	2.0%
Méaduithe ar bhoilsciú	2.0%	2.0%

Déantar na boinn tuisceana maidir le taithí mortlaíochta sa todhchaí a shocrú bunaithe ar tháblaí foilsithe mortlaíochta (PML002/PFL00) arna n-ullmhú don ghairm achtúireachta ag an mBiúró um Imscrúdú Leanúnach ar Mhortlaíocht. Tá na boinn tuisceana a roghnaítear maidir le mortlaíocht bunaithe ar tháblaí caighdeánacha a léiríonn gnáthmhortlaíocht phinsinéirí, agus tugtar san áireamh méadú ar ionchas saoil le himeacht aimsire.

Léirítear thíos an meán-ionchas saoil, i mblianta, ag pinsinéir a théann ar scor ag aoiseanna áirithe:

	Ag scor ag aois 60	Ag scor ag aois 65
Fir	25.8	21.4
Mná	27.7	23.2

Bhí sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana comhdhéanta de:

	2010	**2009**
Gnáthscaireanna	75.7%	75.40%
Bannaí	11.1%	11.80%
Eile	13.2%	12.80%

	2010	2009
Toradh iarbhír lúide toradh ionchasach ar shócmhainní na scéime	€	€
Toradh iarbhír	102,663	201,729
Lúide an toradh ionchasach	(66,269)	(39,785)
	36,394	161,944

Agus ráta toraidh fadtéarmach ionchasach na mbonn tuisceana maidir le sócmhainní á fhorbairt, tugtar san áireamh an leibhéal reatha de thorthaí ionchasacha as infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann leis na haicmí eile sócmhainní a bhfuil an phunann infheistithe iontu agus na hionchais maidir le torthaí gach aicme sócmhainní sa todhchaí. Déantar an toradh ionchasach do gach aicme sócmhainní a ualú ansin bunaithe ar an sprioc-leithdháileadh sócmhainní d'fhonn ráta toraidh fadtéarmach na mbonn tuisceana maidir le sócmhainní a fhorbairt le haghaidh na punainne.

d) Stair oibleagáidí um shochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachan agus caillteanas ó thaithí	**2010 €**	**2009 €**	**2008 €**	**2007 €**
Oibleagáid um shochair shainithe	1,278,334	962,622	820,362	965,348
Luach cothrom shócmhainní na scéime	1,162,160	911,602	558,665	697,168
Easnamh/(barrachas) don scéim mhaoinithe	116,174	51,020	261,697	268,180
(Gnóthachain)/caillteanais ar dhliteanais scéime	129,106	114,755	37,806	12,489
Céatadán na ndliteanas scéime	10.1%	11.9%	4.6%	1.3%

e) Maoiniú na bpinsean

Tá súil ag an gCoimisiún €71,692 a íoc isteach sa scéim pinsean i 2011.

12. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí

	Amhail an 1 Eanáir 2010 €	**Sreabhadh Airgid €**	**Amhail an 31 Nollaig 2010 €**
Airgead ar Láimh/sa Bhanc	24,087,549	(11,096,302)	12,991,247
Cuntas Taisce	1,735,302	(481,056)	1,254,246
	25,822,851	(11,577,358)	14,245,493

13. Ceangaltais Chaipitil agus Ceangaltais Eile

Ní raibh ceangaltais ar bith ar an gCoimisiún, ceangaltais chaipitil nó eile, amhail dáta an chláir chomhardaithe.

14. Ceangaltais maidir le Léas Oibriúcháin

Sa tábla thíos tugtar na ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin le cíos a íoc le linn na bliana i ndiaidh bhliain na gcuntas seo, agus tá anailís déanta orthu de réir na tréimhse ina dtéann an léas in éag.

Cuimsíonn na hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin	
Talamh agus foirgnimh	€
Dul in éag laistigh de bhliain amháin	-

Dul in éag i ndiaidh bliana ach tráth nach faide ná 5 bliana	-
Dul in éag ina dhiaidh sin	271,800

Tá an léasacht ar an 3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2. Téann an leas in éag ar 30 Meitheamh 2026. Tá an cíos iníoctha in aghaidh gach ráithe roimh ré.

15. Barrachas/(Easnamh)

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tá an chumhacht ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta rialacháin a dhéanamh a fhorálann do Thobhach a ghearradh. Is é an cuspóir atá leis an Tobhach ná costais agus caiteachais an Choimisiúin a chlúdach. Tugtar barrachas/(easnamh) ar bith i mbliain amháin ar bith ar aghaidh agus tugtar san áireamh é agus tobhaigh á socrú ina dhiaidh sin chomh luath agus is féidir i ndiaidh iniúchadh a bheith déanta ar na ráitis airgeadais don bhliain.

16. Figiúirí Comparáideacha

Tá roinnt figiúirí comparáideacha athghrúpáilte nó athshonraithe ar an mbonn céanna leo siúd don bhliain reatha.

17. Dearbhú Leasa – An Coimisinéir agus An Fhoireann

Chomhlíon an Coimisinéir agus an fhoireann riachtanais Alt 17 (Dearbhú Leasa) den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ní raibh idirbhearta ar bith ag an gCoimisiún le linn na bliana a raibh leas ar bith ag an gCoimisinéir iontu.

18. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Coimisinéir na ráitis airgeadais seo ar an 12 Meán Fómhair 2011.